

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR, 2019

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MHARC ANSEO AGUS 15 MHARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Ba chóir níos mó béime a chur ar Chorpoideachas sa bhunscoil.
- (b) Cé hiad na laochra is fearr d'aos óg na hÉireann, dar leatsa?
- (c) Tá se an-tábhachtach sos cearta a thógáil ón obair, dul go dtí na pictiúir anois agus arís, bualadh le cairde agus dul ar saoire áit éigin.
- (d) Tá an t-idirlíon go hiontach chun nuacht a fháil, chun eolas a fháil agus chun siopadóireacht a dhéanamh.
- (e) Tá an-mholadh tuillte ag scoileanna Lán-Ghaeilge as an méid a dhéanann siad chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

I am always very busy during the week and for that reason I do not look at the television much except to watch the news. I am very interested in current affairs, in politics and in what is happening in different parts of the world. Believe it or not, my favourite news programme is *An Nuacht* on TG4 every evening at seven o'clock. I will tell you why I like it. Not only does it cover what is making the news internationally and nationally in Ireland but it also focuses on what is making the news in the Gaeltacht. Since I went to Corca Dhuibhne in the Kerry Gaeltacht last summer I am very interested in what is happening in that part of the country. Very often I see places that I know and see people I got to know when I was there. I notice that the pictures which they show covering different events last longer than the pictures on RTÉ and for that reason you see more.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Be careful there, children! There is ice on the path.
2. Pól. Go down to the front door, get the milk and bring it to the staff room.
3. There is a small population in the place.
4. I live in an apartment but I would like to buy a house.
5. Sometimes I spend too much time looking at television.
6. Ciara loves going overseas and she has a great interest in History.
7. At what time will the next train be going to Cork?
8. There was thunder and lightning in the west yesterday.
9. We saw nothing but rain during the week.
10. I got enjoyment and benefit from the course.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Chonaic mé ar an (páipéar) nuachta, a Eibhlín, go bhfuil cead pleanála á lorg ag dream éigin ollmhargadh nua a oscailt ar Bhóthar (an Caisleán).” arsa Cormac. “An bhfuil tú i ndáiríre, a Chormaic?” “Táim lándáiríre,” arsa Cormac. “Nach bhfuil sé go hiontach!” arsa Eibhlín. “Tá súil agam go (bí) praghsanna níos (íseal) ann ná mar atá sna siopaí sa bhaile mór. Má tá ollmhargadh nua le hoscailt (téigh) gach duine go dtí an áit nua agus ní bheidh na siopaí eile sásta. An bhfuil a fhios agat go bhfuil trí (siopa) tar éis dúnadh síos le bliain anuas.” “Ar an taobh eile den scéal,” arsa Cormac, “beidh deiseanna (fostaíocht) san ollmhargadh nua agus beidh níos mó daoine ag teacht go dtí ár (baile). Glacaim leis go mbeidh orthu áiteanna páirceála a chur ar fáil (do: iad) freisin” “Is mór an trua,” arsa Eibhlín, “nach bhfuil caife maith againn sa bhaile seo.” “Dá mbeadh caife ann,” arsa Cormac, “(ith) mo lón ann anois is arís seachas a bheith ag cócaireacht gach lá.”

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (faigh) mé an fliú an geimhreadh seo caite.
2. (Oscail) mé cuntas sa Chomhar Creidmheasa an tseachtain seo chugainn.
3. Ní thaitníonn sé liom a bheith ag rothaíocht in aghaidh (an ghaoth).
4. Bhí an bhean gan aithne gan urlabhra agus (cuir) fios ar otharcharr.
5. Céard é an contae is (deas) in Éirinn?
6. Bhí cotaí na (páistí) ar crochadh ar an ráille.
7. Dá bhfaighinn gunna i m'áiléar (tabhair: mé) do na Gardaí é.
8. Lig Tomás béic (as: é) nuair a léim madra mór amach os a chomhair.
9. Cheap an fhoireann go raibh an cluiche (buaigh) acu nuair a fuair siad an cúl in am breise.
10. Rinne Nuala dearmad a cóipleabhar a (taispeáin) dom.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Pádraig Ó Caoimh

Rugadh Pádraig Ó Caoimh, mac le Mícheál Ó Caoimh agus Máire Ní Mháille, i mBéal Átha na gCarr, Contae Ros Comáin ar 9 Mí na Nollag, 1897. Nuair nach raibh Pádraig ach ina bhuachaill óg bhog an chlann go cathair Chorcaí. Pinsinéir ab ea a athair ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann agus bhí siopa éadaigh aige chomh maith. Chuaigh Pádraig ar scoil chuig na Bráithre Críostaí. Nuair a d'fhág sé an mheánscoil fuair sé cáilíocht mar mheánmhúinteoir i Londain agus d'fhill sé ar Chorcaigh chun post a ghlacadh mar mheánmhúinteoir i gColáiste Bhráithre na Toirbhearta.

I 1916 agus é ocht mbliana déag d'aois, bhí Pádraig mar bhall d'Óglaigh na hÉireann. Nuair a bhí sé bliain is fiche d'aois d'éirigh sé as an múinteoireacht agus ceapadh é mar Rúnaí ar Bhord Contae Chumann Lúthchleas Gael Chontae Chorcaí. Bhí sé gníomhach i gCogadh na Saoirse. Gabhadh é sa bhliain 1920, tógadh os comhair cúirte é, ciontaíodh é as buama a bheith ina sheilbh agus gearradh téarma príosúin cúig bliana déag air. Ag tús 1921 bhí sé i bPríosún Parkhurst ar Isle of Wight le seacht gcéad Éireannach eile ach nuair a síníodh an Conradh Angla-Éireannach i 1921 scaoileadh saor é.

Nuair a d'fhill Pádraig ar Éirinn ghlac sé le post le comhlacht tobac as Cúige Mumhan. Bhí sé fós gníomhach i gCumann Lúthchleas Gael agus thuill sé cáil as a scileanna eagrúcháin. Sa bhliain 1929 ceapadh é mar Ard-Rúnaí Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh. Ba é a thuarastal ná trí chéad punt sa bhliain chomh maith le teach agus leictreachas saor in aisce. Le linn dó a bheith ina Ard-Rúnaí tionóladh na Cluichí Tailteann agus an Chomhdháil Eocairisteach Idirnáisiúnta i bPáirc an Chrócaigh i 1932, agus i 1947 imríodh Cluiche Ceannais Peile na hÉireann i Nua Eabhrac. Theastaigh uaidh go mbeadh a bpáirc féin ag Cumann Lúthchleas Gael i ngach paróiste sa tír. An rud is conspóidí a tharla i rith a réime mar Ard-Rúnaí ná gur díbríodh Dubhghlas de hÍde as a phost mar Phátrún Chumann Lúthchleas Gael tar éis dó freastal ar chluiche sacair idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Bhí Pádraig Ó Caoimh fós ina Ard-Rúnaí Chumann Lúthchleas Gael nuair a cailleadh é ar 15 Bealtaine, 1964 agus é sé bliana agus trí scór bliain d'aois. Cuireadh é i Reilig Ghlas Naíon. Ainmníodh príomhstaid Chumann Lúthchleas Gael i gCorcaigh ina dhiaidh i 1974 agus athosclaíodh Páirc Uí Chaoimh i 2017.

1. Cén tslí bheatha a bhí ag athair Phádraig Uí Chaoimh?
2. Cá bhfuair Pádraig a chuid oiliúna mar mhúinteoir?
3. Cén fáth ar chaith Pádraig tamall i bPríosún Parkhurst?
4. Cén fhianaise atá san alt gur aithníodh go náisiúnta go raibh ardscoil eagrúcháin ag Pádraig?
5. Cén fhianaise atá san alt go raibh meas ag Cumann Lúthchleas Gael Chorcaí ar an obair a rinne Pádraig mar Rúnaí ar Bhord an Chontae sin?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Peadar Ó Cearnaigh

Rugadh Peadar Ó Cearnaigh i Sráid Dorset i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1883. D'fhás sé suas sa Charnán agus fuair sé a chuid bunscolaíochta ó na Bráithre Críostaí i Scoil Iósaif, Fionnradharc. D'fhág sé an scoil nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois agus níorbh fhada ina dhiaidh sin gur thosaigh sé ag baint slí bheatha amach mar phéintéir tithe.

Ba bhall é Peadar Ó Cearnaigh de Chonradh na Gaeilge. Mhúin sé ranganna oíche don Chonradh agus i measc na ndaoine a mhúin sé bhí an scríbhneoir Seán O'Casey. Ba bhall é chomh maith de na Fíníní.

Bhí spéis aige i gcónaí sa cheol agus bhí tallann ar leith aige chun amhráin a chumadh. I 1907 scríobh sé liricí *The Soldiers' Song* chuig fonn a bhí cumtha ag cara leis, Patrick Heeney. D'fhoilsigh Bulmer Hobson an t-amhrán in *Irish Freedom* sa bhliain 1912. Níorbh fhada go raibh an t-amhrán mar aintiún ag Óglaigh na hÉireann. Amhráin cháiliúla eile a scríobh se ab ea *The Tri-Coloured Ribbon* agus *Erin go Bragh*.

Ghlac Peadar páirt in Éirí Amach 1916 agus throid sé le Thomas Mac Donagh i Monarcha Jacob. Nuair a ghéill na hÓglaigh, gabhadh go leor díobh ach d'éirigh le Peadar éalú. Bhí sé gníomhach chomh maith i gCogadh na Saoirse ach gabhadh é i 1920 agus cuireadh i bpríosún é ar feadh dhá mhí dhéag. Thug sé tacaíocht don Chonradh Angla-Éireannach agus bhí sé ar thaobh an tSaorstáit i gCogadh na gCarad.

Ba dhlúthchara é Peadar le Mícheál Ó Coileáin agus bhí sé in éineacht leis an gCoileánach nuair a maraíodh an Coileánach i mBéal na Blá i Lúnasa, 1922. Ina dhiaidh sin níor ghlac sé páirt níos mó sa pholaitíocht. Chuaigh sé ar ais ag péinteáil tithe.

Sa bhliain 1926 glacadh leis an aistriúchán Gaeilge ar *The Soldiers' Song*, *Amhrán na bhFiann* mar amhrán náisiúnta na hÉireann. B'uncaíl é le Brendan Behan. Cailleadh Peadar Ó Cearnaigh sa bhliain 1942 agus tá sé curtha i Reilig Ghlas Naíon.

1. Cén fhianaise atá san alt gur éirigh Peadar Ó Cearnaigh as a chuid oideachais go luath?
2. Céard é an chéad phost a bhí ag Peadar Ó Cearnaigh?
3. Cé a scríobh an ceol a ghabh leis an amhrán, *The Soldiers' Song*?
4. Cén t-ádh a bhí le Peadar i 1916?
5. Cén fáth a bhfuil *The Soldiers' Song* cáiliúil?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Scríobh eiseamláir do gach ceann de na feidhmeanna teanga seo a leanas:
- (i) iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
 - (ii) easpa tuisceana a léiriú
 - (iii) ábaltacht a léiriú
 - (iv) fiosrú faoi eolas
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Ag an Sorcas” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: an puball, ticéad, máistir an tsorcais, ainmhithe agus an fear grinn.
- (c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail/frásaí seo a leanas: “camán”, “ag eitilt”, “faoin ngluaisteán”.

(15 mharc)

9. (a) Céard iad na buntáistí a bhaineann le hobair bheirte agus céard iad na céimeanna ba chóir don mhúinteoir a leanúint nuair a bhíonn obair bheirte á déanamh. Léirigh a bhfuil le rá agat le sampla agus tabhair samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag na páistí san obair bheirte.
- (b) Mínigh an Modh na Ráite. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Cheannaigh mé”? Léirigh a bhfuil le rá agat le sampla agus tabhair go leor samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag na páistí i rith an chluiche.

(15 mharc)

10. (a) Mínigh na bealaí éagsúla atá ann chun úsáid a bhaint as póstaer sa seomra ranga.
- (b) Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le gníomhamhráin agus le gníomhranta sna ranganna sóisearacha agus ar an gcur chuige ba chóir don mhúinteoir a úsáid. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) idir Garda agus páiste, faoin teideal, “Gan Solas ar mo Rothar”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 mharc)